

shannon AIRPORT



# Údarás Aerfort na Sionna

## Scéim Teanga 2014-2017

faoi Alt 11  
d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

## Clár an Ábhair

1. Réamhrá.....	3
2. Ullmhúchán don Scéim Teanga .....	3
3. Ábhar na Scéime Teanga.....	3
4. Dáta Thosach Feidhme na Scéime .....	4
5. Cur síos ginearálta ar Údarás Aerfort na Sionna.....	4
6. An dúthracht maidir le seirbhís a thabhairt trí Ghaeilge .....	4
6.1 Na príomh-mhodhanna cumarsáide leis an bpobal .....	5
6.2 Seirbhísí a chuireann Údarás Aerfort na Sionna ar fáil i nGaeilge .....	5
6.3 Seirbhísí atá ar fáil i mBéarla amháin .....	5
6.4 Seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i nGaeilge agus i mBéarla.....	5
7. Forfheabhsú ar an tSeirbhís a chuirfear ar fáil go dhátheangach .....	6
7.1 Comhfhreagras:- .....	6
7.2 Teachtaireachtaí Ríomhphoist:-.....	6
7.3 Fáiltiú agus Teileafón:-.....	6
7.4 Oiliúint agus Forbairt Foirne:-.....	6
7.5 Fógraí ó Bhéal:-.....	7
7.6 Foilseacháin:- .....	7
7.7 Preaseisiúintí:- .....	7
7.8 Cumarsáid:- .....	7
7.9 Láithreán Gréasáin:- .....	7
8. Monatóireacht agus Athrbhreithniú ar an Scéim .....	8
9. An Scéim aontaithe a fhoilsiú .....	8

## 1. Réamhrá

Is í seo an chéad Scéim Teanga a d'ullmhaigh Údarás Aerfort na Sionna plc (SAA) faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (“an tAcht”).

Foráiltear faoi Alt 11 an Achta sin do scéim reachtúil arna hullmhú ag comhlachtaí poiblí ina leagtar amach go mionsonraithe na seirbhísí a chuirfear ar fáil:

- i nGaeilge;
- i mBéarla; agus
- i nGaeilge agus i mBéarla araon

agus na bearta a dhéanfar d'fhonn cinntiú i ndáil le seirbhís ar bith nach gcuireann SAA ar fáil i nGaeilge go ndéanfar iad a chur ar fáil ar an gcaoi sin taobh istigh de thréimhse ama aontaithe.

## 2. Ullmhúchán don Scéim Teanga

Rinneadh an scéim seo a ullmhú ar iarratas ón Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Alt 11 an Achta agus, i gcomhréir leis na Treoirínte faoi alt 12 an Achta.

Agus an scéim seo á hullmhú, cuireadh Coiste Gaeilge inmheánach ar bun chun díriú ar réimsí éagsúla na scéime agus an méid is féidir a bhaint amach in imeacht na dtrí bliana seo chugainn a thabhairt san áireamh.

Faoi alt 13 an Achta, foilsíodh fógra poiblí i mí Márta 2013 go raibh de rún againn dréacht de scéim faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a fhoilsiú. Cuireadh dhá cheann déag d'aighneachtaí faoi bhráid. Scrúdaíodh na haighneachtaí agus tá cuid mhaith dár moladh iontu tugtha san áireamh leis an scéim seo. Is féidir na haighneachtaí a bhreathnú ar [www.shannonairport.ie](http://www.shannonairport.ie). Ba mhaith le SAA buíochas a ghlacadh leo siúd ar fad a chuir de stró orthu féin páirt a ghlacadh sa phróiseas tábhachtach seo.

## 3. Ábhar na Scéime Teanga

Tá de chuspóir leis an scéim feabhas a chur ar an tseirbhís a chuireadh SAA ar fáil i nGaeilge. Tá cuntas achomair leagtha amach sa scéim ar na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge faoi láthair agus ar na pleananna chun feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil i rith ré na scéime trí bliana seo.

## **4. Dáta Thosach Feidhme na Scéime**

Tá an Scéim deimhnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tiocfaidh an Scéim i bhfeidhm ón 28 Aibreán, 2014 agus beidh sí i bhfeidhm go ceann trí bliana on dáta sin nó go dtí go ndeimhníonn an tAire Scéim nua, de bhun Alt 15 an Achta.

## **5. Cur síos Ginearálta ar Údarás Aerfort na Sionna**

Is cuid d'Údarás Aerfort na Sionna plc atá in Aerfort na Sionna. Tá na hoifigí cláraithe ag Aerfort na Sionna, Co. an Chláir. Uimhir Chlárúcháin 391054 Éire. Ceannoifig, Aerfort na Sionna, Éire.

Is í an bhainistíocht agus an fhorbairt ar Aerfort na Sionna an phríomhobair a dhéanann SAA chomh maith le beartaíocht tráchtála, mar shampla bainistíocht ar chúrsaí réadmhaoine, tráchtála agus miondíolacháin. Rinneadh freastal san aerfort ar 1.5m paisinéir i rith na bliana 2012.

Bord naonúr comhaltaí atá i mbun rialúchán SAA, seachtar arna gceapadh ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus beirt arna gceapadh ag an bhfoireann.

Is iad Comhaltaí an Bhoird faoi láthair:

- Rose Hynes (Cathaoirleach)
- Neil Pakey (Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin)
- Kathryn O’Leary Higgins
- Pat Dalton
- Liam O’Shea
- Tony Brazil
- Tom Coughlan
- Michael Leydon
- Joe Buckley
- Kevin McCarthy

Déanann an Bord maoirseacht ar obair Fheidhmeannas Údarás Aerfort na Sionna chomh maith le gach cinneadh cistíochta agus gach gné den cheapadh polasaithe agus den fhorbairt tionsclaíochta a dhaingniú.

## **6. An dúthracht maidir le seirbhís a thabhairt trí Ghaeilge**

Aontaíonn Údarás Aerfort na Sionna leis na prionsabail maidir le Gaeilge, Béarla agus dhátheangachas a leagtar amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus táthar

dúthachtach maidir le freastal agus fónamh, a oiread agus is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil, do na custaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

Tugann SAA chun aire chomh maith go bhfuiltear ag feidhmiú mar chuid de thionscal atá faoi rialú géar agus gurb é an Béarla teanga oifigiúil an tionscail sin ón mbliain 1951 de réir mar a shocraigh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).

D'ainneoin an dualgas coinníollacha ICAO a shásamh, féachann Údarás Aerfort na Sionna leis an nGaeilge a chur chun cinn agus feabhas a chur ar na seirbhísí trí Ghaeilge don phobal. Fáiltítear roimh ullmhú na Scéime seo mar dheis bonn foirmeálta a chur faoi na seirbhísí atá á gcur ar fáil i nGaeilge cheana féin agus leathnú leis na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge.

#### **6.1 Na príomh-mhodhanna cumarsáide leis an bpobal**

- Caint ar an Láthair
- Seirbhísí Teileafóin
- Comhfhreagras Leictreonach
- An Láithreán Gréasáin
- Na Meáin Shóisialta
- An Preas / Fógraíocht

#### **6.2 Seirbhísí a chuireann Údarás Aerfort na Sionna ar fáil trí Ghaeilge**

- Comhfhreagras:-  
Déantar gach litir, teachtaireacht facs agus teachtaireacht ríomhphoist a fhaightear i nGaeilge a fhreagairt i nGaeilge.
- Comharthaí:-  
Tá na comharthaí slí ar fad ar fud an Chríochfoirt dhátheangach.
- Córais Ríomhaireachta:-  
Tá gach córas ríomhaireachta a cuireadh isteach ón mbliain 2007 i leith in ann go hiomlán chuig úsáid na Gaeilge.

#### **6.3 Seirbhísí atá ar fáil i mBéarla amháin**

Is i mBéarla amháin a chuirtear na seirbhísí eile ar fad ar fáil.

#### **6.4 Seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i nGaeilge agus i mBéarla**

- Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil Údarás Aerfort na Sionna sa dá theanga
- Bíonn ainm na cuideachta agus sonraí eile i bhfoirm dhátheangach ar litreacha agus stáiseanóireacht eile SAA.
- Comharthaí bóthair (i gcomhréir leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961)

## **7. Forfheabhsú ar an tSeirbhís a chuirfear ar fáil go dhátheangach**

### **7.1 Comhfhreagras:-**

Chomh maith leis an dualgas a chomhlíonadh atá ar an Údarás comhfhreagras a thagann i nGaeilge a fhreagairt i nGaeilge, déanfar comhfhreagras a thosú i nGaeilge leo sin ar eol gur fearr leo comhfhreagras trí Ghaeilge.

*Tráth a chur i gcrích: ó thosach na scéime seo.*

### **7.2 Teachtaireachtaí Ríomhphoist:-**

Beidh teachtaireachtaí caighdeánacha ar chóras ríomhphoist SAA, mar shampla, séanadh maidir le freagracht, i nGaeilge agus i mBéarla araon. Beidh á mholadh do dhaoine aonair den fhoireann an chuid den fhreagra 'as láthair' nach arna chruthú ag an gcóras é, a úsáid i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Déanfar an séanadh caighdeánach a chuirtear le teachtaireachtaí ríomhphoist Údarás Aerfort na Sionna a chur isteach go dhátheangach.

*Tráth a chur i gcrích: Deireadh bhliain tosaigh na scéime seo*

### **7.3 Fáiltiú agus Teileafón:-**

Is iad lucht fáiltithe/oibrítheoir lasc-chláir SAA an chéad phointe caidrimh leis an bpobal. Tá de pholasaí ag SAA a dheimhniú go mbíonn nós oibre caighdeánach maidir le seirbhís ardchaighdeán don chustaiméir, ar bun i ndáil leis an réimse seo; tagann san áireamh leis sin:-

1. Freagraíonn fáilteoir SAA an Teileafón trí ainm Aerfort na Sionna a lua go dhátheangach, mar shampla “Aerfort na Sionna/Shannon Airport, Dia dhuit /Good Afternoon”.
2. Tá eolas ag fáilteoir SAA ar na gnáthbheannachtaí i nGaeilge.

*Tráth a chur i gcrích: Faoi dheireadh na bliana 2014*

### **7.4 Oiliúint & Forbairt Foirne:-**

Cuirfear cúrsaí oiliúna sa Ghaeilge ar fáil don fhoireann fáiltithe agus spreagfar an chuid eile den fhoireann chun an deis chéanna a thapú. Beidh na cúrsaí teanga seo dírithe ar oiliúint a bhaineann go háirithe leis an aerfort ionas go gcuirtear le cumas fhoireann SAA déileáil le hiarratais i nGaeilge ó chustaiméirí.

*Tráth a chur i gcrích: Deireadh bhliain tosaigh na scéime seo*

- Déanfar na gealltanais a thugann SAA sa scéim seo a thabhairt chun aire gach duine den fhoireann trí fheachtas cumarsáide inmheánach.
- Tá de rún ag SAA cur leis an gceiliúradh ar imeachtaí poiblí/cultúir áirithe i nGaeilge, mar shampla Lá Fhéile Pádraig le béim faoi leith ar cheiliúradh

trí Ghaeilge agus ar an nGaeilge a chur chun cinn. Glacfaidh SAA páirt i Seachtain na Gaeilge agus spreagfar gach duine den fhoireann chun cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge i mbun ghnáthobair an lae dóibh.

**7.5 Fógraí Béil:-**

Déanfar fógraí réamhthairfeadta go dhátheangach.

**7.6 Foilseacháin:-**

Déanfar tuarascálacha tábhachtacha a fhoilsíonn SAA, mar shampla an tuarascáil bhliantúil, a fhoilsiú go dhátheangach, taobh amuigh de shraitheanna de lámhleabhair inmheánacha nó cáipéisí de chineál teicniúil, eolaíochta nó saineolais speisialta, a chuirfear ar fáil i mBéarla amháin. Sa chás go bhfágfadh toirt aon fhoilseachán dhátheangach gur lú éifeacht a bheadh leis nó go mbeadh costas breise iomarcach i gceist, d'fhéadfadh gur dhá leagan faoi leith, i nGaeilge agus i mBéarla, a chuirfí ar fáil. Ina leithéid de chás, beidh ráiteas in gach aon leagan go bhfuil leagan ar fáil freisin sa teanga eile.

*Tráth a chur i gcrích: Deireadh bhliain tosaigh na scéime seo*

**7.7 Preaseisiúintí:-**

Déanfar gach preaseisiúint a bhaineann le himeachtaí sóisialta/cultúir a eisiúint agus a chur suas ar láithreán gréasáin na Cuideachta go dhátheangach. Ar iarratas a fháil ina leith sin, cuirfear preaseisiúintí ar fáil i nGaeilge do na meáin chumarsáide áitiúla agus/nó náisiúnta.

Déanfar gach preaseisiúint agus ráiteas a bhaineann le tuarascálacha dhátheangacha a eisiúint (mar shampla an tuarascáil bhliantúil) a eisiúint i bhfoirm dhátheangach ó thosach na Scéime seo.

*Tráth a chur i gcrích: ó thosach na scéime seo.*

**7.8 Cumarsáid:-**

Ar iarratas a fháil ina leith sin, féachfaidh SAA lena chinntiú go mbíonn urlabhraí le Gaeilge ar fáil, ag a bhfuil dóthain údaráis, le cur faoi agallamh ag meáin áitiúla agus/nó náisiúnta.

*Tráth a chur i gcrích: Deireadh bhliain tosaigh na scéime seo*

**7.9 Láithreán Gréasáin:-**

Is i mBéarla atá láithreán gréasáin Údarás Aerfort na Sionna ach amháin foilseacháin na corparáide.

## **8. Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Scéim**

Leagfar an fhreagracht ghinearálta maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na scéime ar Stiúrthóir Oibriúcháin an Aerfoirt.

Tabharfar tuairisc go rialta ar an dul chun cinn do Bhord SAA Plc.

Tá i gceist go ndéanfar athbhreithniú ar oibriú na scéime tar éis 18 mí de thús a chur léi agus arís ag deireadh na tréimhse trí bliana ionas go gcinnteofar go mbainfear na spriocanna aontaithe amach agus go gcuirfear dóthain seirbhísí agus tionscnamh ar fáil trí Ghaeilge chun freastal don éileamh faoi láthair agus san am atá le theacht ó lucht an tionscail agus Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a shásamh.

## **9. An scéim aontaithe a fhoilsiú**

Déanfar ábhar na scéime, ar a haontú go críochnúil, maille leis na gealltanais agus na forálacha a ghabhann leis an scéim a chur i láthair na foirne agus an phobail i gcoitinne ar na bealaí seo a leanas:

- Preaseisiúint
- Láithreán Gréasáin na Cuideachta

Tá cóip den Scéim curtha ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Béarla den scéim seo an leagan oifigiúil.